

# Braitheann an todhchaí ort féin



## An Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa

### An Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa – cad é féin?



Deis thráthúil ar leith do shaoránaigh na hEorpa atá sa Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa chun dúshláin agus tosaíochtaí na hEorpa a chur faoi chaibidil. Is cuma cad as a dtagann tú nó cad a dhéanann tú, is anseo a fhéadfaidh tú do mhachnamh a dhéanamh ar a bhfuil uait amach anseo don Aontas agus do chion a dhéanamh le cabhrú chun an méid sin a bhaint amach.

Tá gealltanais tugtha ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún Eorpach éisteacht le muintir na hEorpa agus oibriú, laistigh de raon feidhme a n-inniúlachtaí, ar na moltaí a dhéantar.

Faoi earrach 2022, meastar go dtiocfaidh an Chomhdháil ar chonclúidí agus go dtabharfar treoir maidir le todhchaí na hEorpa.

### Cé atá i dteideal páirt a ghlacadh ann?



Saoránaigh Eorpacha ó gach uile chúlra agus ó gach cearn den Aontas agus beidh ról lárnach ag daoine óga maidir le todhchaí an tionscadail Eorpaigh a mhúnlú.

Údaráis Eorpacha, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, chomh maith leis an tsochaí shibhialta agus eagraíochtaí eile ar mian leo imeachtaí a eagrú agus smaointe a roinnt.

Urramóidh na rannpháirtithe uile na luachanna atá leagtha síos inár gCairt le linn na Comhdhála.

Cuir do thuairim chun tosaigh

<https://futureu.europa.eu>

## Cad iad na gnéithe éagsúla den Chomhdháil?

**An t-ardán digiteach ilteangach** – an áit ina bhféadfaidh saoránaigh a smaointe a roinnt agus aighneachtaí a sheoladh ar líne. Déanfar iad a bhailiú agus a anailísiú agus foilseofar iad le linn na Comhdhála;

**Imeachtaí díláraithe** – Imeachtaí ar líne, i bpearsa<sup>1</sup> agus imeachtaí hibrideacha arna reáchtáil ag daoine agus eagraíochtaí chomh maith le húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ar fud na hEorpa;

**Déanfaidh painéil saoránach Eorpach** – plé ar ábhair éagsúla, bunaithe ar an ionchur a chuirfidh na saoránaigh ar fáil tríd an ardán digiteach. Beidh na painéil sin ionadaíoch ó thaobh tionscnamh geografach, inscne, aoise, cúlra socheacnamaíoch agus/nó leibhéal oideachais de;

**Cruinnithe iomlánacha na Comhdhála** – cinnteofar go ndéanfar plé ar na moltaí ó phainéil saoránach náisiúnta agus Eorpach, a rangófar de réir téama, gan toradh réamhchinntithe a bheith ann agus gan an raon feidhme a theorannú do réimsí beartais réamhshainithe.

Ionadaithe ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún Eorpach, chomh maith le hionadaithe ó na parlaimintí náisiúnta uile a bheidh i gcruinniú iomlánach na Comhdhála agus iad uile ar comhchéim leis na saoránaigh.

Déanfar ionadaíocht ar Choiste na Réigiún agus ar an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, ar na comhpháirtithe sóisialta agus ar an tsochaí shibhialta chomh maith.

Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála comhlachaithe nuair a bheidh ról idirnáisiúnta an Aontais á phlé.

Dréachtóidh agus foilseoidh an Bord Feidhmiúcháin na conclúidí ó chruinniú iomlánach na Comhdhála.

## Cad is ról don ardán digiteach seo?



Is é an t-ardán digiteach mol na Comhdhála: is é do bhealach é chun páirt a ghlacadh sa Chomhdháil agus chun do thuairimí a chur in iúl. Féadfaidh tú do thuairimí faoin Eoraip agus na hathruithe a theastaíonn a roinnt anseo, feicfidh tú cad atá le rá ag daoine eile, féadfaidh tú imeachtaí gar duit a aimsiú, d'imeacht féin a eagrú mar aon le dul chun cinn agus toradh na Comhdhála a leanúint.

## Conas a bhfuil le rá agat a rá?



Is furasta é a dhéanamh. Déan do rogha as raon cuimsitheach ábhar nó roghnaigh ábhar is cás leatsa agus cuir do thuairim faoi bhráid na Comhdhála. Déanfar do thuairimí a bhailiú agus a anailísiú agus foilseofar iad ar an ardán le linn na Comhdhála.

Tiocfaidh an méid sin isteach sna pléití a bheidh ar siúl sna painéil saoránach Eorpach agus sna cruinnithe iomlánacha. Cinnteofar le sásra aiseolais go dtiocfaidh moltaí nithiúla le haghaidh gníomhaíocht ón Aontas as na tuairimí a chuirfear in iúl le linn na Comhdhála.

Cuirfear toradh deiridh na Comhdhála i láthair i dtuarascáil chuig Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus Uachtarán an Choimisiúin. Scrúdóidh na trí institiúid gan mhoill conas is féidir obair leantach éifeachtach a dhéanamh i ndáil leis an tuarascáil sin, laistigh dá réimse inniúlachtaí féin agus i gcomhréir leis na Conarthaí.


<sup>1</sup> Ag brath ar éabhlóid phaindéim an choróinvíris agus i gcomhréir le haon srianta a bhaineann léi.

## Cé a bheidh ag stiúradh na Comhdhála?

Is faoi údarás na trí institiúid a chuirtear an Chomhdháil, a ndéanfaidh na daoine seo a leanas ionadaíocht orthu



Roberta Metsola,  
Uachtarán Pharlaimint  
na hEorpa



Emmanuel Macron,  
ionadaí ar Uachtaránacht rothlach  
Chomhairle an Aontais Eorpaigh



Ursula von der Leyen,  
Uachtarán an Choimisiúin  
Eorpaigh

ag gníomhú di mar **Uachtaránacht Chomhpháirteach** na Comhdhála.

Faigheann an Uachtaránacht Chomhpháirteach tacaíocht ó **Bhord Feidhmiúcháin**, a bhfuil na trí institiúid ina gcomhchathaoirligh air.



Guy Verhofstadt,  
Feisire de Pharlaimint  
na hEorpa



Clément Beaune,  
Státrúnaí Gnóthaí Eorpacha  
d'Uachtaránacht na Fraince  
ar an gComhairle



Dubravka Šuica,  
Leas-Uachtarán an Choimisiúin  
Eorpaigh um Dhaonlathas agus  
um Dhéimeagrafaíocht

Tuairiscíonn sí ar bhonn rialta don Uachtaránacht Chomhpháirteach.

Tá an Bord Feidhmiúcháin freagrach as cinntí a dhéanamh de chomhthoil maidir le hobair na Comhdhála, a próisis agus a himeachtaí, as maoirseacht a dhéanamh ar an gComhdháil de réir mar a bheidh sí ag dul ar aghaidh, agus as cruinnithe iomlánacha na Comhdhála a ullmhú, lena n-áirítear an t-ionchur ó na saoránaigh agus an obair leantach air sin.

Tá **Comhrúnaíocht** ann, de mhéid theoranta a bhfuil oifigigh inti a dhéanann ionadaíocht chomhionann ar na trí institiúid, a chuidíonn le hobair an Bhoird Feidhmiúcháin.

## The Conference on the Future of Europe is yours.

### Cuir do thuairim chun tosaigh trí logáil isteach san ardán don Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa inniu.

### Braitheann an todhchaí ort féin.

#TheFuturesYours

<https://futureu.europa.eu>

## Cuir do thuairim chun tosaigh



An Chomhdháil  
ar Thodhchaí  
na hEorpa

© An tAontas Eorpach, 2022

Ceadaítear athúsáid an doiciméid seo, ar choinníoll go dtugtar creidiúint chuí agus go léirítear na hathruithe a dhéantar. (Ceadúnas idirnáisiúnta Creative Commons Attribution 4.0). Chun gnéithe nach leis an Aontas Eorpach iad a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé go mbeadh ort cead a lorg go díreach ó na sealbhóirí cirt féin. Gach lómhá © An tAontas Eorpach, mura sonraítear a mhálairt. Deilbhíní © Flaticon – gach ceart ar cosaint.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022

Print ISBN 978-92-76-46806-6 doi:10.2775/49538 NA-09-22-031-GA-C  
PDF ISBN 978-92-76-46854-7 doi:10.2775/470554 NA-09-22-031-GA-N